C/2025/3988

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Laitvia

(C/2025/3988)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([2]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

([2]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Laitvia caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 30 Aibreán 2021, chuir an Laitvia a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia ([5]), a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([6]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Laitvia. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Laitvia ([7]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Laitvia 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Laitvia ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([9]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa. eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia (10157/2021).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia (ST 15569/2023).

([7]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Laitvia (IO C, C/2025/652, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/652/oj).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

([9]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 ar an Laitvia. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Laitvia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Laitvia. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Laitvia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Laitvia: 5,9 % in 2025, 3,6 % in 2026, 3,4 % in 2027, agus 3,3 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 15,5 % in 2025, 19,7 % in 2026, 23,8 % in 2027, agus 27,9 % in 2028. An 29 Aibreán 2025, chuir an Laitvia a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([10]), isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Laitvia i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún an clásal éalaithe náisiúnta den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh don gComhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Arna iarraidh sin do Laitvia an 28 Aibreán 2025, an 8 Iúil 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh an [dáta] lenar ceadaíodh don Laitvia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, agus dul tharstu ([11]).

([10]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

([11]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Laitvia imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3970, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3970/oj).

(13) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([12]), tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Laitvia ó 2,4 % de OTI in 2023 go 1,8 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 44,6 % de OTI ag deireadh 2023 go 46,8 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 4,5 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025, measann an Laitvia gurb é 3,9 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos airde ná mar a bhí sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Is mar thoradh ar mheasúnú éagsúil ar bhearta lánroghnacha ioncaim in 2024 a bhfuil an difríocht ann idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta ([13]). Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([14]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach neodrach ann in 2024. An 4 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) de CFAE ([15]). Rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na Laitvia sa tuarascáil sin, ós rud é gur mó an t-easnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe aici in 2025 ná an luach tagartha, arb é 3 % den OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, agus na tosca ábhartha go léir á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, go meastar critéar an easnaimh a bheith comhlíonta. I bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún faoi láthair go molfaidh sé i mí an Mheithimh tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Laitvia, tá coinne le fás fíor-OTI 1,2 % in 2025 agus 2,1 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,5 % ann in 2025 agus 2,2 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,5 % in 2025 agus faoi 2,0 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2025 agus 1,7 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,1 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 49,0 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,7 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 3,1 % de OTI ann in 2025. Is iad tosca ioncaim agus caiteachais is cúis leis an méadú réamh-mheasta ar an easnamh in 2025. Meastar go mbeidh tionchar diúltach ar ioncaim ag laghdú ar an ioncam ó cháin ioncaim, mar thoradh ar athchóiriú ar an gcóras cánach ioncaim phearsanta, agus laghdú ar ioncam ó mhaoin, mar gheall go príomha ar normalú cumais tuillimh cuideachtaí faoi úinéireacht stáit sna hearnálacha fuinnimh agus foraoiseachta, mar thoradh ar phraghsanna fuinnimh níos ísle. Ó thaobh an chaiteachais de, is é an fás ar chúiteamh d'fhostaithe, íocaíochtaí úis agus aistrithe sóisialta na príomhchúiseanna atá leis an méadú ar an easnamh. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,7 % in 2025. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,1 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú go 48,6 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI in 2025 coigeartuithe sreabhadh i leith stoic agus an t-easnamh príomhúil réamh-mheasta.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 1,8 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,9 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Laitvia.

(17) 2,5 % de OTI a bhí sa chaiteachas cosanta rialtais ghinearálta sa Laitvia in 2021, 2,4 % de OTI in 2022 agus 3,1 % de OTI in 2023 ([16]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 3,0 % de OTI in 2024 agus 3,3 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,8 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Measann an Laitvia go gcaithfear 3,0 % de OTI ar an gcosaint in 2024 agus 3,3 % de OTI

([12]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([13]) Ní dhéanann an Coimisiún bearta áirithe ioncaim a aicmiú mar bhearta fioscacha lánroghnacha, e.g. íocaíocht díbhinne breise ó chuideachtaí comhstoic atá faoi úinéireacht stáit agus tionchair thánaisteacha ar ioncam cánach. Ní beart fioscach lánroghnach é an tionchar ioncaim dara babhta ach cuirtear isteach é sa réamhaisnéis ón gCoimisiún trí éifeachtaí maicreacnamaíocha. Cuimsítear íocaíochtaí díbhinne breise ó chuideachtaí comhstoic atá faoi úinéireacht stáit sa réamhaisnéis ón gCoimisiún ach ní láimhseáiltear iad mar bhearta fioscacha lánroghnacha toisc nach mbaineann na hathruithe ar 'ghnáthbheartas' díbhinní leo, e.g. coigeartuithe ar chóimheas íocaíochtaí amach díbhinní.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([15]) Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 4.6.2025, COM(2025) 615 final.

([16]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

uirthi in 2025. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028) beidh an Laitvia in ann tosaíochtaí nua a thabhairt do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nár bhaol d'inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma caiteachas cosanta a bheidh níos airde go marthanach.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Laitvia faoi 5,7 % in 2025 agus gur fás carnach 10,4 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais na Laitvia in 2025 faoi bhun uasráta fáis a mholtar, ar bhonn bliantúil agus nuair a mheastar 2024 agus 2025 le chéile.

(19) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,0 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 49,5 % faoi dheireadh 2026. Tar éis 2026, réamh-mheastar sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,2 % de OTI in 2027 agus go dtiocfaidh laghdú air go 2,3 % de OTI in 2029. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI, tar éis 2026, go 52,8 % de OTI in 2027, agus go dtiocfaidh laghdú air de réir a chéile go 51,3 % in 2029. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ar 3,1 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,4 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2026, mar atá 0,3 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 49,3 % faoi dheireadh 2026. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas idir fiachais agus OTI in 2026 an t-easnamh príomhúil réamh-mheasta.

Príomhdhúshláin bheartais

(20) Tá ioncam cánach na Laitvia fós faoi bhun mheán an Aontais, ag 32,9 % de OTI in 2023, i gcomparáid le meán 39,0 % an Aontais. Is iad cánacha saothair agus tomhaltais príomhfhoinsí ioncaim na Laitvia, agus níl sna cánacha ar chaipiteal – lena n-áirítear cáin chorparáide, cáin ar ioncam ó chaipiteal agus cánacha ar mhaoin – ach sciar measartha íseal den ioncam cánach iomlán agus de OTI i gcomparáid le Ballstáit eile. Cé go bhféadfadh sé nach saincheist per se í an bhearna choibhneasta iomlán sin san ioncam chánach, tá saincheist na bhfoinsí nua cistiúcháin struchtúraigh ábhartha i gcomhthéacs an bhrú atá ag dul i méid sa mheántéarma ar airgeadas poiblí, lena n-áirítear: (i) gealltanais an rialtais an tslándáil inmheánach agus sheachtrach a neartú go mór; (ii) riachtanais shuntasacha mhaoiniúcháin chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí, go háirithe cúram sláinte agus cúram sóisialta; agus (iii) cur chun feidhme tionscadal bonneagair ar mórscála arna gcómhaoiniú ag an Aontas (e.g. Rail Baltica).

(21) Cé gur tugadh aghaidh ar roinnt gnéithe a bhaineann le cánachas caipitil leis an athchóiriú cánach a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2025, tá an tionchar fioscach measta ar ioncam ó cháin chaipitil sách beag, níos lú ná 0,1 % de OTI in 2025 agus in 2026 ar an iomlán. San am céanna, in ainneoin a thiomanta agus atá an rialtas aistriú chuig luachanna nua talún agus réadmhaoine le haghaidh cánachas ar mhaoin dhochorraithe ó 2026 ar aghaidh, níl coinne aige ach le gnóthachain theoranta ó thaobh spás fioscach de agus tá sé beartaithe aige ioncam ó cháin réadmhaoine a choinneáil cobhsaí gar don mheán stairiúil don chuid is mó.

(22) De réir suirbhéanna ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí, bhí an scáthgheilleagar 3,6 pointe céatadáin níos ísle in 2023 ná mar a bhí in 2022, arbh é an chéad laghdú é ó bhí 2019 ann. Tháinig laghdú leanúnach ar an scáthgheilleagar in 2024, shroich sé 21,4 % de OTI, atá 1,5 pointe céatadáin níos ísle i gcomparáid le 2023. Cé go bhfuil bealaí éagsúla ann chun méid an scáthgheilleagair a thomhas agus go mbíonn sé deacair cúisíocht dhíreach a shuí, is cosúil gur tháinig laghdú ar ghlacadh cuideachtaí leis an scáthgheilleagar agus a thoilteanaí agus atá siad páirt a ghlacadh ann mar thoradh ar fhócas leanúnach an rialtais ar bhearta beartais a chur chun feidhme chun gníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar bhonn foirmiúil. An tráth céanna, i bhfianaise forbairtí dearfacha a tugadh faoi deara maidir leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil a laghdú, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun na pleananna gníomhaíochta reatha a chur chun feidhme.

(23) Cé go raibh sé d'aidhm ag athbhreithnithe bliantúla ar chaiteachas cur le héifeachtacht an chaiteachais phoiblí, foráiltear leis an gcleachtas reatha go bhfillfear formhór na gcoigilteas (thart ar 0,3 % de OTI gach bliain) ar na haireachtaí earnála a bhfuil baint acu leis an bpróiseas athbhreithniúcháin. Seachas sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an gcistiú a eascraíonn as sin a atreorú chuig réimsí tosaíochta áirithe – cosaint, cúram sláinte agus cosaint shóisialta, cuir i gcás.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Laitvia leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá dul chun cinn déanta ag an Laitvia cheana maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a thíolaic sí a chur chun feidhme. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Laitvia dlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha. D'fhéadfadh an Laitvia tairbhe a bhaint as a hacmhainneacht riaracháin a neartú agus as feabhas a chur ar straitéisí cur i gcrích chun cuidiú le moilleanna agus bacainní riaracháin a mhaolú. Tá an baol ann go gcuirfear moill ar chur i gcrích tionscadal tógála atá maoinithe ag an Aontas mar gheall ar bhrú ar acmhainneacht na hearnála tógála, brú arb é is cúis leis éilimh atá ag teacht salach ar a chéile, ualach rialála agus tosca seachtracha. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(25) Sa Laitvia, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Laitvia ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Laitvia, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le hathléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, tithíocht shóisialta, comhtháthú grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, chomh maith le soláthar an oideachais, an t-aistriú fuinnimh agus iomaíochas réigiúnach, go háirithe i réigiúin na teorann thoir. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Laitvia – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([17]), cuirtear síneadh leis an sprìocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(26) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh Laitvia an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(27) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Laitvia aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá fós roimpi agus a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, rochtain ar mhaoiniú, taighde agus nuálaíocht, fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe, bainistiú acmhainní, ganntanais oibrithe agus scileanna, cosaint shóisialta, cúram sláinte agus tithíocht.

(28) Mar a leagtar síos sa Chompás Iomaíochais, ní mór do gach institiúid de chuid an Aontais, do gach institiúid náisiúnta agus do gach institiúid áitiúil iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a leagan síos agus dlús a chur leis na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: faoi 25 % ar a laghad agus faoi 35 % ar a laghad le haghaidh FBManna; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar chorpas reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Laitvia beart a dhéanamh freisin. Measann 47 % de ghnólachtaí gur fadhb dá gcuideachta í castacht na nósanna

([17]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

imeachta riaracháin agus iad i mbun gnó sa Laitvia ([18]). Tá córas rialála na Laitvia ina bhacainn ar infheistíocht, mar gheall ar chóras ceadúnúcháin atá róchasta, cuir i gcás. Bíonn na fadhbanna sin ina n-ualach trom ar earnálacha ar nós forbairt réadmhaoine, rud a léiríonn an gá atá le hathchóirithe chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó. Tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus borradh a chur faoin iomaíochas, rud atá ag teacht le tionscnaimh níos leithne a fhaigheann tacaíocht ón Aontas. Leis na hathchóirithe sin freisin, d'fhéadfaí muinín an phobail as cinntí fianaisebhunaithe an rialtais a fheabhsú, cuidiú leis an scáthgheilleagar a laghdú, agus mar thoradh air sin, d'fhéadfaí dul chun cinn eacnamaíoch inbhuanaithe a spreagadh.

(29) Is lú an úsáid a bhaineann gnólachtaí Laitviacha as na foinsí traidisiúnta maoinithe sheachtraigh, ar nós iasachtaí bainc agus margadh caipitil, ná mar a úsáideann gnólachtaí i bhformhór na dtíortha eile san Aontas. Tá rátaí iasachta an mhargaidh ard agus tá ceanglais chomhthaobhachta dian, go háirithe san earnáil chorparáideach, lena n-áirítear i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide. Baineann sé sin an bonn de chumas na ngnólachtaí uas-scálú a dhéanamh agus cuireann sé deiseanna infheistíochta i mbaol i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, ar nós an aistrithe ghlais, tráchtálú nuálaíochtaí, agus tionscadail le haghaidh forbairt réigiúnach. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar réigiún theorainn thoir na Laitvia, agus infheistíochtaí méadaithe á ndéanamh chun athléimneacht shochaíoch agus eacnamaíoch an réigiúin sin a neartú. D'fhéadfaí feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú trí iomaíocht a spreagadh in earnáil na baincéireachta agus trí iasachtaí poiblí agus scéimeanna ráthaíochta a chur chun cinn ar mhaithe le hinfheistíochtaí a éascú i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

(30) Sa Laitvia, tá infheistíocht phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht, mar chéatadán de OTI, i measc na rátaí infheistíochta is ísle san Aontas. Fostaíonn gnólachtaí sa Laitvia níos lú taighdeoirí ná a macasamhlacha i dtíortha atá cosúil léi. Bíonn luachshocrú gníomhaíochtaí taighde agus an comhar idir gnólachtaí príobháideacha agus an saol acadúil teoranta. Tá roinnt céimeanna tábhachtacha curtha chun feidhme ag rialtas na Laitvia cheana féin chun an córas acadúil a athchóiriú. Mar shampla, rinneadh an ceanglas maidir le heolas ar an Laitvis a mhaolú i gcás roinnt post acadúil, rud a thugann féidearthachtaí breise d'ollscoileanna na Laitvia eachtrannaigh éirimiúla a mhealladh. Tá athchóiriú á dhéanamh ag an Laitvia ar a córas taighde agus nuálaíochta chun feabhas a chur ar a cumas daoine éirimiúla a mhúnlú agus a choinneáil, trí thuarastal mac léinn dochtúireachta a mhéadú, cuir i gcás. Dá gcuirfí na hathchóirithe sin chun feidhme go rathúil, agus dá méadófaí cistiú don taighde acadúil chomh maith, d'fhéadfaí soláthar na dtaighdeoirí dea-oilte do ghnólachtaí a mhéadú dá bharr. Ina theannta sin, ba cheart don Laitvia comhar a spreagadh idir gnólachtaí agus an saol acadúil agus d'fhéadfadh sí dreasachtaí díreacha T&F le haghaidh gnólachtaí a mheas, ar nós soláthar nuálaíochta.

(31) In 2024, gineadh 74 % de leictreachas na Laitvia ó fhoinsí in-athnuaite, agus hidreachumhacht a bhí in 51 % den iomlán. Mar sin féin, bhí sciartha an táirgthe fuinnimh gréine agus gaoithe, ag 8 % agus 4 %, faoi seach, fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí sa Liotuáin agus san Eastóin, agus faoi bhun mheán an Aontais. Tá deis ann meascán fuinnimh in-athnuaite na tíre a éagsúlú a thuilleadh trí leas a bhaint as cumhacht ghaoithe agus gréine, agus trí tháirgeadh ó na foinsí sin a uas-scálú. Go háirithe, in ainneoin gníomhaíochta teoranta atá beartaithe faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá gá le hiarrachtaí breise chun nósanna imeachta ceadúcháin a bhrostú agus a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail nua fuinnimh gréine agus gaoithe. Ba cheart don Laitvia gníomhú a thuilleadh chun solúbthacht ar thaobh an éilimh a chur chun cinn, mar shampla spreagadh a thabhairt do stóráil fuinnimh atá faoi úinéireacht na dtomhaltóirí deiridh agus rannpháirtíocht in acmhainní fuinnimh dáilte agus i seirbhísí cothromúcháin agus solúbthachta. Sa bhreis air sin, ba cheart di sainmhíniú soiléir a thabhairt ar róil rannpháirtithe áirithe sa mhargadh fuinnimh, amhail comhbhailitheoirí éilimh ar mionscála. Ar bhonn leithleach, bíonn i bhfad níos mó iarratas ar cheadanna maidir le nascacht eangaí le haghaidh saoráidí giniúna fuinnimh in-athnuaite ná mar a bhíonn acmhainn ar fáil ag an ngréasán leictreachais, agus is é sin an fáth gur cuireadh stop le ceadanna nua a eisiúint ó bhí Iúil 2023 ann. D'ainneoin roinnt forbairtí reachtacha dearfacha in 2025, tá deis ann gníomhaíocht rialála bhreise a dhéanamh chun feabhas a chur ar bhainistiú scuainí le haghaidh na heangaí.

(32) Tá earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair ríthábhachtach ó thaobh an fhuinnimh agus na haeráide de araon. Cé go bhfuil scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh suntasacha ar siúl nó á bpleanáil faoi láthair, braitheann siad an iomarca fós ar chistiú poiblí, cistiú ón Aontas den chuid is mó. Rachaidh sé chun sochair don Laitvia dlús a chur leis an athchóiriú ar a seanstoc foirgneamh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) tuilleadh cistiú príobháideach a mhealladh; (ii) tús áite a thabhairt d'ionstraimí airgeadais agus do roghanna dí-rioscaithe ar scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh atá bunaithe ar dheontais; agus (iii) tacú le forbairt earnáil na seirbhísí fuinnimh mar phríomhchumasóir margaidh le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh. In earnáil an iompair, earnáil atá fós ag brath go mór ar tháirgí ola fós, tá acmhainneacht shuntasach ann leictriú breise agus dícharbónú foriomlán a dhéanamh freisin. D'ainneoin roinnt bearta dearfacha, bíodh siad i bhfeidhm nó ar na bacáin, d'fhéadfadh an Laitvia níos mó a dhéanamh chun glacadh feithiclí leictreacha agus táirgeadh agus glacadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn don iompar poiblí agus don iompar príobháideach araon. San am céanna, bheadh infheistíocht bhreise chun an líonra athluchtaithe a leathnú tairbheach freisin. Chomh maith leis sin, lasmuigh d'earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair, i bhfianaise go bhfuil sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite sa mheascán náisiúnta leictreachais ard agus go bhfuil sé ag méadú, d'fhéadfadh cur chun cinn leictrithe breise a bheith ina straitéis éifeachtach chun déine carbóin a laghdú ar an iomlán agus slándáil fuinnimh a threisiú.

([18]) *'Businesses' attitudes towards corruption in the EU'* [Dearcthaí gnólachtaí i leith éillitheachta san Aontas] Gearrtuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).

(33) Ní mór don Laitvia dlús a chur leis an dul chun cinn atá déanta aici i dtreo geilleagar ciorclach chun spriocanna an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach a bhaint amach. Tá táscairí na tíre maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe chun deiridh ar mheán an Aontais, agus tá a lorg amhábhair ag méadú i gcónaí. Cé gur chuir an Laitvia feabhas ar a córas bainistithe dramhaíola, cuirtear beagnach leath dá dramhaíl chathrach i láithreáin líonta talún fós agus tá an baol ann nach gcomhlíonfaidh sí sprioc 2025 maidir le hathchúrsáil dramhaíola cathrach.

(34) Tá tionchar fós ag ganntanais saothair agus scileanna ar an bhfás eacnamaíoch agus cuireann siad moill ar an aistriú chuig geilleagar a bheidh nuálach, digiteach agus glas. Mar thoradh ar aosú an daonra, tá laghdú ag teacht ar an bhfórsa saothair agus tá rátaí arda folúntas in earnálacha tábhachtacha ar nós earnálacha na tógála, na monaraíochta, an inslithe, na foraoiseachta agus an chúraim sláinte. Léiríonn réamhaisnéisí fadtéarmacha go dtreiseofar ar na ganntanais sin sna blianta atá amach romhainn. D'fhéadfadh dálaí oibre feabhsaithe cabhrú le hoibrithe oilte a mhealladh agus a choinneáil, in earnálacha amhail cúram sláinte agus cúram sóisialta, cuir i gcás. Tá an sciar íseal de chéimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), agus an ganntanas taighdeoirí sna réimsí sin dá bharr, ar cheann de na príomhbhacainní ar chumas taighde agus nuálaíochta na Laitvia a neartú, go háirithe san earnáil phríobháideach. Tá creat foghlama inbhuanaithe do dhaoine fásta á fhorbairt ag an Laitvia; mar sin féin, tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim agus páirtíocht daoine dífhostaithe agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta i mbearta beartais chun cabhrú le daoine obair a aimsiú nó fanacht san obair níos ísle ná meán an Aontais. Tá riosca suntasach don táirgiúlacht ag baint leis an leibhéal inniúlachta digití atá íseal i gcomparáid le tíortha eile agus atá ag laghdú leis. Ionas go mbeadh fáil ar sholáthar an tsaothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, d'fhéadfadh bearta uas-scilithe agus athscilithe a bheith ní ba spriocdhírithe, do dhaoine ar bheagán oiliúna agus ar fud na réigiún, cuir i gcás. D'fhéadfaí an comhar le fostóirí a threisiú trí ghlacadh clár foghlama obairbhunaithe agus oiliúint fostaithe faoi stiúir agus mhaoiniú fostóirí a mhéadú chun scileanna oibrithe a fheabhsú a thuilleadh.

(35) Tá leibhéil arda sheasmhacha neamhionannais agus rioscaí suntasacha bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós le sárú ag an Laitvia, tosca a mbíonn tionchar acu ar dhaoine scothaosta go háirithe. Tá an caiteachas ar chosaint shóisialta i ndáil le OTI íseal agus tá laghdú air ó 14,0 % in 2022 go 13,5 % in 2023, agus tá tionchar na n-aistrithe sóisialta nach pinsin iad fós ar cheann de na tionchair is ísle san Aontas ó thaobh neamhionannas ioncaim a mhaolú de. Ina theannta sin, tá áirithiú tacaíochta leordhóthanaí ioncaim do dhaoine scothaosta fós ina phríomhdhúshlán. Dá bhrí sin, ní éiríonn leis an gcóras cosanta sóisialta sciar suntasach den daonra a thabhairt slán as an mbochtaineacht ná as an eisiamh sóisialta. Sa bhreis air sin, déanann éagothromaíochtaí socheacnamaíocha suntasacha ar fud na réigiún difear do na seirbhísí sóisialta a sholáthraíonn bardais in ainneoin gur tugadh isteach an ciseán seirbhísí íosta. Ar deireadh, ní leor an caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach agus ar chúram baile i bhfianaise na dtreochtaí déimeagrafacha.

(36) Tá caiteachas poiblí íseal ar chúram sláinte agus roghanna míshláintiúla maidir le stíl mhaireachtála ina bpríomhchúiseanna le drochthorthaí sláinte an daonra. Tá rochtain ar chúram sláinte a mhaoinítear go poiblí sa Laitvia srianta mar gheall ar raon feidhme teoranta an phacáiste sochar stáit, rud a fhágann go mbíonn íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha ar chúram sláinte ard. Bíonn tionchar díréireach ag an ualach airgeadais a eascraíonn as sin ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Dá réir sin, tá ceann de na rátaí is airde gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú ag an Laitvia. Ina theannta sin, tá ganntanas oibrithe sláinte sa Laitvia, go háirithe altraí, rud a bhaineann an bonn de sholáthar na seirbhísí sláinte a thuilleadh. Tá dréachtdlí molta ag an rialtas chun athchóiriú a dhéanamh ar an maoiniú le haghaidh cúram sláinte; mar sin féin, ní dhéanann an togra sciar níos airde de OTI a ghealladh don earnáil.

(37) Tá ganntanas tithíochta inacmhainne ar ardchaighdeán ann, de dheasca infheistíochtaí ísle i dtithíocht, go príomha. Leis an nganntanas tithíochta, baintear an bonn de shoghluaisteacht an lucht saothair agus den chuimsiú sóisialta. Ina theannta sin, tá an stoc tithíochta atá ann cheana ar dhroch-chaighdeán, go háirithe ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de, rud a chuireann brú airgeadais ar theaghlaigh trí chostais fuinnimh a ardú.

(38) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Laitvia, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Laitvia in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. Airgeadas poiblí a chur in oiriúint chun dul i ngleic le riachtanais caiteachais struchtúraigh atá ag dul i méid, lena n-áirítear i réimsí na cosanta, an chúraim sláinte agus na cosanta sóisialta, trí chánachas a leathnú chuig foinsí nach ndéanann an oiread céanna dochair don fhás, gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla nó neamhdhearbhaithe a aistriú chuig an ngeilleagar foirmiúil, agus caiteachas a atreorú ar réimsí tosaíochta bunaithe ar athbhreithnithe ar chaiteachas poiblí, cuir i gcás.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, dlús a chur le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+, CC), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht a spreagadh sna margaí airgeadais agus trí iasachtú poiblí agus scéimeanna ráthaíochta a chur chun cinn chun infheistíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a éascú, go háirithe i réimsí an aistrithe ghlais, an uas-scálaithe agus an tráchtálaithe nuálaíochtaí, agus na forbartha réigiúnaí. Infheistíocht phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht a éascú, lena n-áirítear trí athchóirithe breise a lorg sa chóras ardoideachais chun an comhar idir gnólachtaí agus an saol acadúil a neartú.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus slándáil fuinnimh a mhéadú trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, go háirithe fuinneamh gaoithe agus gréine. Feabhas a chur ar nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus ar bhainistiú scuainí le haghaidh na heangaí leictreachais, agus stóráil fuinnimh, freagairt don éileamh agus réitigh sholúbthachta mhargadhbhunaithe a chur chun cinn. Tomhaltas fuinnimh príomhúil, tomhaltas fuinnimh deiridh agus déine carbóin a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a neartú, go háirithe in earnáil na bhfoirgneamh, agus trí leictriú breise a chur chun cinn. Dlús a chur le dícharbónú an iompair, go háirithe iompar ar bóthar, trí ghlacadh feithiclí leictreacha, táirgeadh agus dáileadh breoslaí iompair in-athnuaite agus leathnú an bhonneagair athluchtaithe a chur chun cinn. Éifeachtúlacht acmhainne a mhéadú agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach a chothú tríd an éiceanuálaíocht agus trí chleachtais inbhuanaithe bainistithe acmhainní.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe agus scileanna, go háirithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) agus i speisialtóireachtaí eile a bhfuil gá leo le haghaidh an aistrithe ghlais, le haghaidh taighde agus digiteála, agus sna hearnálacha sóisialta agus cúraim sláinte freisin, lena n-áirítear trí uas-sciliú agus athsciliú spriocdhírithe chomh maith le dálaí oibre feabhsaithe. Cosaint shóisialta a neartú chun neamhionannas a laghdú, trí fheabhas a chur ar leordhóthanacht na bpinsean seanaoise agus ar an rochtain ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta, go háirithe seirbhísí cúraim baile, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ar bun an tráth céanna. Leordhóthanacht agus inrochtaineacht an chórais sláinte a neartú chun torthaí sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear trí acmhainní daonna breise agus acmhainní airgeadais breise a chur ar fáil, an pacáiste sochar reachtúil a leathnú agus íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú. Cur le hinfhaighteacht agus cáilíocht tithíochta sóisialta inacmhainne atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear trí athchóirithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE